

MUIREANN

LEAS-UACHTARÁN DON GHAELIGE



niccorcm@tcd.ie



@muireann4lugaeilge



@ismisemuireann1



Union of Students in Ireland
Aontas na Mac Léinn in Éirinn



CÉ MISE?

Bhuel, a chairde, cén chaoi a bhfuil sibh? Is mise **Muireann Nic Corcráin**, is as Co. Loch Garman mé. Is mac léinn Máistreachta mé i gColáiste na Tríonóide agus táim ag rith chun a bheith i mo **Leas-Uachtarán don Ghaeilge** d'Aontas na Mac Léinn in Éirinn. D'fhás mé aníos le Gaeilge, ag caitheamh gach uile samhraidh sa Ghaeltacht i gConamara agus ní raibh mé ar mo shuaimhneas ag labhairt as Gaeilge go dtí gur tháinig mé chun na Tríonóide cúig bliana ó shin.

- ☆ Is céimí mé de **Nua-Ghaeilge agus Stair**.
- ☆ Ba **Oifigeach na Gaeilge mé d'Aontas na Mac Léinn i gColáiste na Tríonóide**, bhí mé i gceannas ar fheachtas rathúil maidir le **cearta teanga**.
- ☆ Chríochnaigh mé intéirneacht leis an **Tionscnamh um Chomhionannais, Éagsúlachta** agus Cuimsiú leis an gClár Rannpháirtíochta do Mhic Léinn (NSTEP), inár sheol mé clár trialach ar "Éagsúlacht a Léiriú".
- ☆ Is ionann vóta dom agus vóta **d'inrochtaineacht teanga**, do chuimsiú agus rannpháirtíocht, agus guth láidir sa chath ar son **chearta teanga!**

CUIMSIÚ NA GAEILGE

Tá sé rí-thábhachtach go mbaineann an Leas-Uachtarán don Ghaeilge úsáid as an deis atá acu **rochtain na Gaeilge a mhéadú** agus iarracht a dhéanamh cur chuige cuimsitheach a chur ar fáil do chách.

- ☆ Tá sé mar aidhm agam baill do **Bhonn na Gaeilge** a dhúbailt chun misneach a thabhairt d'aontais úsáid níos leithne a bhaint as an teanga i ngníomhaíochas Aontas na Mac Léinn.
- ☆ Conas a tharlóidh é seo? Cruthóidh mé **Hub an Aontais**, tairseach d'fhoinsí Gaeilge le haghaidh Aontais na Mac Léinn.
- ☆ Beidh foinsí tacaíochta ann chun an Ghaeilge a dhéanamh níos inrochtana agus iad **curtha ar fáil i bhformáid éagsúla**. Beidh deis ag mic léinn a gcuid moltaí a chur isteach chun Hub reatha agus uasdátaithe a chur ar fáil do dhaoine.
- ☆ Deimhnítear le 'Hub an Aontais' go mbeidh gach mac léinn in ann dul i dtaithí ar an teanga ar a luas féin.



niccorcm@tcd.ie



@muireann4lugaeilge



@ismisemuireann1

FREAGRACHT

- ★ Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall chun cinntiú go mbeidh **ár dteanga ag croílár gach rud atá ar bun ag AMLÉ**, idir fheachtais náisiúnta agus troid ar son cearta teanga.
- ★ Tá fiúntas ar leith ag baint le **hoscailteachas** agus creidim go láidir i gcur chuige oscailte agus trédhearcach, mar sin de is féidir libh bheith muiníneach asam usasdátú rialta a thabhairt ag gach Comhairle Náisiúnta agus go rialta ar na meáin freisin.

SPOTSOLAS NA GAEILGE

Tá **todhchaí na Gaeilge i lámha na mac léinn**, tá sé mar dhualgas ag AMLÉ mar sin an obair seo a chur chun cinn.

- ★ Déanfaidh mé cinnte de go mbeidh an obair atá ar bun ag mic léinn chun an Ghaeilge a chur chun cinn chomh maith le troid do **chearta teanga méadaithe ar mheáin AMLÉ agus a gcuid guthanna a aimplíú**.
- ★ Ba cheart dúinn **tacú lenár nGaeilgóirí**, tríd **Bhonn na Gaeilge, Hub an Aontais, nó Fóram na Gaeilge nua-eagraithe a bheidh ann**. Tabharfaidh Fóram na Gaeilge deis d'Aontais na Mac Léinn agus na Cumann Gaelaigh **aithne a chur ar a chéile, ag cruthú pobail fháiltigh do Ghaelgóirí i ngluaiseacht na mac léinn** agus deis a thabhairt imeachtaí agus feachtais a roinnt chun ár gcuid aimeanna i dtaobh na Gaeilge de a fheabhsú.



CEARTA TEANGA

Tá constaicí ann do mhic léinn tríú leibhéal in Éirinn maireachtaint trí Ghaeilge agus dul i ngleic leis an gcóras trí Ghaeilge, tá orainn iad seo a réiteach gan mhoill.

- ★ Agus mé i m'Oifigeach na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, bhí mé i gceannas ar stocaireacht ráthúil chun an síneadh fada a chur ar chártaí aitheantais na mac léinn. Má éiríonn liom bheith tofa, leanfaidh mé ar aghaidh le tionscnaimh mar seo chun a chinntiú go mbeidh ionadaíocht ar son an teanga ag gach mac léinn in institiúidí tríú-leibhéal!
- ★ Leanfaidh mé orm ag déanamh stocaireachta chun tuilleadh cúrsaí a chur ar fáil do mhic léinn chun staidéar a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Oibreoidh mé leis an gCoiste Cultúrtha chun an méid is mó deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn Gaeilge labhartha a úsáid sa choláiste.
- ★ Aimpleoidh mé guth na mac léinn ag leibhéal an rialtais chun a chinntiú go mbeimid chun tosaigh in aon díospóireacht i dtaobh na Gaeilge de. Déanfaidh mé stocaireacht le cinntiú gclaíofar le geallúintí maidir le Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2019 agus an beart Ré Nua Cur Chuige Nua.

FEACHTAIS Ó THUaidh

- ★ Tá **dualgas** ag AMLÉ leanúint ar aghaidh ag troid do **chearta teanga ó thuaidh**, ar aontaobh leis na gníomhaithe atá ag déanamh chuile iarracht an Ghaeilge a spreagadh go dtí seo.
- ★ Má éiríonn liom bheith tofa, **leanfaidh mé orm ag déanamh stocaireachta chun aitheantas ceart do chearta teanga a bhaint amach sna hinstitiúidí ó thuaidh**. Tacóidh mé le rochtain don teanga taobh istigh den chiorcal acadúil agus i bpobal na n-institiúidí a fhorbairt freisin.

Is ionann votá do Mhuireann agus vóta d'inrochtaineacht teanga, do chuimsiú, troid gan stad ar son cearta teanga agus tacaíocht do mhic léinn ar fud oiléan na hÉireann. **Vótáil Muireann Nic Corcráin Leas-Uachtarán don Ghaeilge d'AMLÉ**. Bígí linn ar **#FoireannMuireann!**

MUIREANN

LEAS-UACHTARÁN DON GHAELIGE



niccorcm@tcd.ie



@muireann4lugaeilge



@ismisemuireann1



Union of Students in Ireland
Aontas na Mac Léinn in Éirinn



WHO AM I?

Well, how are you all? My name is **Muireann Nic Corcráin** and I'm from County Wexford. I'm a Masters student in Trinity College Dublin and I'm running to be **Leas-Uachtarán don Ghaeilge**. I've grown up speaking Irish, spending every summer in the Gaeltacht in Conamara and I never felt more at home speaking Irish than I did when I arrived in Trinity five years ago.

★ I'm a graduate of (BA) TSM **Modern Irish and History**.

★ I'm the former **Irish Language Officer of Trinity College Student's Union**, leading a highly successful **Irish Language rights** campaign during my term.

★ I've recently completed an internship heading up the **Equality, Diversity and Inclusion Project** with the National Student Engagement Programme (NStEP) where I launched a new "Representing Diversity" Pilot Training Programme.

★ A vote for me is a vote for **language accessibility, inclusivity and engagement**, and a strong voice in the fight for **Irish language rights!**

INCLUSIVITY

It is vital that the Leas-Uachtarán don Ghaeilge does everything in their power to **increase accessibility** and strive to make the language **more inclusive** for everyone to feel welcome.

★ I intend to double the participants of the **Bonn na Gaeilge** scheme to encourage more widespread usage of the language in Students' Union activity.

★ How will I do this? I will create a dedicated **Irish Language Resource portal for Colleges**.

★ It will pool together supporting resources to help make Irish more accessible and **lower the barrier to engagement**. It will also be open to submissions so that students from across the island can **influence the future of their language in a collaborative manner**.

★ The '**Hub an Aontais**' will ensure that every single student can engage with the language at their own pace.



niccorcm@tcd.ie



@muireann4lugaeilge



@ismisemuireann1

ACCOUNTABILITY

- ☆ There's strength in visibility, I will ensure that our **language remains at the core of everything USI does**, from national campaigns to the fight for language rights.
- ☆ There's value in **transparency**, so you can trust me to keep you updated on my work at every national council and more regularly on social media.

IRISH SPOTLIGHT CAMPAIGN

The **future of the Irish language is in the hands of the students**, it's USI's responsibility to platform this hard work.

- ☆ I'll make sure that the students working hard to promote Irish, and fighting for language rights get **spotlighted across USI's channels** and have their **voices amplified**.
- ☆ We need to proudly **champion our Gaeilgeoirí**, through the **Bonn na Gaeilge**, the Hub an Aontais or via the **newly organised Forum na Gaeilge**. This Forum will offer Member Organisations and Cumann Gaelaigh a chance to **network, platform their campaigns and foster a community of Gaeilgeoirí within the student movement**, each sharing their ideas as to how to improve our campaigns and further our aims with the Irish language.



LANGUAGE RIGHTS

Students across the country still face barriers to engaging with College as Gaeilge, we need to do better.

- ☆ During my Term as Oifigeach na Gaeilge in Trinity, I successfully lobbied to include the **Síneadh Fada on our student cards**. When elected, I will continue these initiatives and ensure that all students see their **language represented in third level institutions**.
- ☆ I will continue to lobby for the development of **third level courses as gaeilge** and further strengthen **USI's relationship with the Coiste Cultúrtha** to see as many opportunities afforded to students to speak Irish in college as possible
- ☆ I will **amplify the student voice** at a government level and ensure that we remain at the forefront of any discussion regarding the Irish language in the Dáil. This includes **holding the government to account** on promises made in the Official Languages (Amendment) Bill 2019 and the New Decade New Approach Deal. **We cannot continue to fight for the same rights, year-in year-out.**

CAMPAIGNS IN THE NORTH

- ☆ USI has a **responsibility to continue the fight for language rights in the North**, alongside the incredible student activists who promote and advocate for Irish in the North.
- ☆ When elected, **I will continue to lobby for language rights to be fully recognised within institutions in the North**. I will continue to lobby for access to the language both in the academic sphere and the wider college community.

A vote for Muireann is a vote for inclusivity, accessibility, a never ending fight for language rights and support for students across the island of Ireland. Vote **Muireann Nic Corcráin for USI Vice-President for the Irish Language**. Come join **#FoireannMuireann!**